Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10422/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0201 (NLE)**

**TRANS 408**
**RELEX 834**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 309 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive maidir le hiompar lasta de bhóthar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 309 final.

Faoi iamh: COM(2022) 309 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2022
COM(2022) 309 final

2022/0201 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive maidir le hiompar lasta de bhóthar**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 16 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún togra i láthair le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear shíniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Mholdóiv maidir le hiompar earraí de bhóthar thar ceann an Aontais Eorpaigh.

Is é is cuspóir don togra reatha seo tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

I bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá iompar lasta ó Phoblacht na Moldóive iontach deacair. Ní mór d'oibreoirí na Moldóive bealaí malartacha a chuardach chun idirthuras trí chríoch na hÚcráine a sheachaint, arb é an t-aon bhealach é go dtí seo chun margaí tríú tíortha in Oirthear na hÚcráine a bhaint amach. Ós rud é nach féidir idirthuras a dhéanamh san Úcráin, cuirtear i mbaol comhlíonadh na gconarthaí fadtéarmacha ag oibreoirí na Moldóive maidir le hearraí a sholáthar (go háirithe táirgí talmhaíochta) lena gcomhpháirtithe trádála i réigiún an Oirthir. Mar aon leis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar oibreoirí comhpháirtithe gnó eile a lorg anois agus d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu a n-oibríochtaí iompair déthaobhacha le Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh a mhéadú dá réir sin.

Faoi láthair rialaítear iompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive trí bhíthin dhá phríomhshásra, is iad sin comhaontuithe iompair déthaobhacha idir na Ballstáit agus Poblacht na Moldóive, agus ceadúnais arna dtabhairt faoi chuimsiú chóras cuótaí iltaobhach Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair (ECMT) laistigh den Fhóram Iompair Idirnáisiúnta. Leis na sásraí sin, forchuirtear cuótaí ar tharlóirí ón dá thaobh maidir le hidirthuras agus le trádáil dhéthaobhach.

Bheadh ar oibreoirí na Moldóive, dá bhrí sin, idirthuras tríd an Aontas Eorpach agus oibríochtaí déthaobhacha iompair de bhóthar leis an Aontas Eorpach a mhéadú. Thacódh sé sin freisin le sochaí agus le geilleagar na Moldóive a raibh tionchar suntasach ag cogadh foghach na Rúise uirthi agus a d'óstáil go sealadach níos mó ná 350,000 dídeanaí a tháinig ón Úcráin agus a chuaigh ar idirthuras chuig tíortha eile. Ag an am céanna, is rídhócha go rachadh úsáid mhéadaithe na n-oibríochtaí iompair de bhóthar i gcomparáid le gnáthamanna thar na cuótaí a leagtar amach sna comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus Poblacht na Moldóive agus a tugadh trí ECMT laistigh den Fhóram Idirnáisiúnta Iompair.

Dá bhrí sin, thiocfadh an Comhaontú seo maidir le hiompar de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive in ionad na gcomhaontuithe déthaobhacha iompair atá ann cheana idir na Ballstáit agus an Mholdóiv agus d'éascófaí úsáid iompair mhalartaigh de bhóthar d'oibreoirí, toisc go léirscaoilfí oibríochtaí déthaobhacha agus idirthuras idir an dá Pháirtí.

Dá bhrí sin, is iomchuí Comhaontú a thabhairt i gcrích lena ndéantar léirscaoileadh ar iompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive i ndáil le hoibríochtaí déthaobhacha agus idirthuras. Ba cheart teorainn ama a bheith leis an gComhaontú seo ach ba cheart go bhféadfaí é a athnuachan.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Comhaontú seo comhsheasmhach leis an mbeartas caidrimh sheachtraigh atá ag an Aontas faoi láthair le Poblacht na Moldóive. Tá Rialtas Phoblacht na Moldóive tar éis comhaontú den sórt seo a iarraidh mar bheart práinneach.

Bheadh an Comhaontú maidir le hiompar earraí de bhóthar le Poblacht na Moldóive i gcomhréir freisin leis an gComhaontú Comhlachais[1], ós rud é, in Airteagal 82 de, go n-iarrtar comhar chun gluaiseacht earraí a fheabhsú, rud a mhéadóidh sreabhánacht na sreabha iompair idir Poblacht na Moldóive, an tAontas agus tríú tíortha sa réigiún, trí bacainní riaracháin, bacainní teicniúla agus bacainní eile a bhaint.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Is é an Comhaontú an ionstraim is éifeachtúla chun feabhas a chur ar an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive maidir le hiompar de bhóthar, ós rud é go gcuireann sé deireadh leis an ngá atá le cuótaí agus ceadúnais atá sna comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus Poblacht na Moldóive.

Leis an gComhaontú atá beartaithe, ní chuirfear aon ualach breise riaracháin ná airgeadais ar údaráis na mBallstát ná ar an tionscal iompair i gcomparáid leis an staid reatha. Ina ionad sin, déanfar an t-ualach riaracháin ar an tionscal iompair agus ar na Ballstáit araon a laghdú. Go háirithe, cuirfear deireadh leis an ngá atá le ceadúnais iompair do tharlóirí de chuid an Aontais le haghaidh na gcatagóirí sonraithe de chearta iompair (cearta idirthurais agus cearta déthaobhacha), rud a laghdóidh an t-ualach ar thionscal iompair an Aontais agus ar údaráis na mBallstát i ndáil leis na foirmiúlachtaí riaracháin a bhaineann le ceadúnais den sórt sin a eisiúint agus a phriontáil.

- **An rogha ionstraime**

Comhaontú idirnáisiúnta.

[1] Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit agus Poblacht na Moldóive, arna shíniú an 27 Meitheamh 2014, IO L 260 30.10.2014, lch. 4.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí ag an togra i dtaca le buiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áirítear sa chomhaontú seo sásra athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus in Airteagal 6 d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an ngá atá lena athnuachan agus ar a fhad a mhairfidh sé. Chun na críche sin, leagtar síos in Airteagal 5(2) agus in Airteagal 6(2) go dtionólfar an Comhchoiste trí mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag don Chomhaontú.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 formheastar an Comhaontú thar ceann an Aontais Eorpaigh.

Foráiltear in Airteagal 2 go rachaidh an Coimisiún ar aghaidh chuig an bhfógra is gá chun toiliú an Aontais Eorpaigh a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

Le hAirteagal 3, déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm an Chinnidh atá beartaithe.

2022/0201 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive maidir le hiompar lasta de bhóthar

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh XXXX/XX ón gComhairle síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive maidir le hiompar lasta de bhóthar an XX, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) I bhfianaise na díobhála atá á déanamh don earnáil iompair i bPoblacht na Moldóive mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, is gá bealaí malartacha idirthurais de bhóthar tríd an Aontas Eorpach a aimsiú d'oibreoirí na Moldóive agus margaí nua a aimsiú chun a n-earraí a onnmhairiú.

(3) Ós rud é nach gceadaítear faoi cheadúnais arna dtabhairt faoi chuimsiú chóras cuótaí iltaobhach Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair (ECMT) laistigh den Fhóram Iompair Idirnáisiúnta ná faoi chomhaontuithe déthaobhacha reatha le Poblacht na Moldóive, nach gceadaítear an tsolúbthacht is gá d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar na Moldóive chun a n-oibríochtaí tríd an Aontas agus leis an Aontas Eorpach a mhéadú agus a phleanáil roimh ré, tá sé ríthábhachtach iompar lasta de bhóthar a léirscaoileadh le haghaidh oibríochtaí déthaobhacha agus idirthurais.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, formheastar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive maidir le hiompar lasta de bhóthar thar ceann an Aontais Eorpaigh.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Rachaidh an Coimisiún ar aghaidh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun an fógra dá bhforáiltear ina Airteagal 12 den Chomhaontú a thabhairt, d'fhonn toiliú an Aontais Eorpaigh a bheith faoi cheangal ag an gcomhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*